IARRATAS D'IONTRÁIL AR LIOSTA NA BPOSTVÓTÁLAITHE LE HAIGHAIDH TOGHTHÓIRÍ NACH BHFUIL IN ANN VÓTÁIL AG A N-IONAD VÓTÁLA DE BHARR CÚRSAÍ POIST SRL.

Léigh na nótaí thall le do thoil sula gcomhlíonn tú an fhoirm.

CUID A - SONRAÍ AN TOGHTHÓRA

Cuir isteach d'ainm lomlán agus do sheoladh
Mar atá i gclár na Dtoghthóirí agus má tá sé ar fáil d'uimhir ar an gclár.

Ainm (BLOCLITREACHA) .....

Seoladh (BLOCLITREACHA) .....

.....

Uimhir ar chlár na dtoghthóirí (Má tá sé ar fáil) .....

DEARBHÚ AGUS IARRATAS

Dearbhaím leis seo gur cosúil nach mbeidh mé in ann dul go dtí an t-ionad vótála chun vótáil ar lá vótaíochta de bharr cúrsaí mo phoist, sheirbhíse nó m'fhostaíochta. Déanaim iarratas leis seo chun m'ainm a chur ar liosta na bpostvótálaithe.

Sínigh d'ainm agus cuir Isteach an dáta.

Síniú ..... Dáta .....

==========

CUID B - TEASTAS AN FHOSTÓRA

(Le comhlíonadh nuair a dhéanann fostaí iarratas).

Deimhním leis seo go bhfuil an t-iarratasóir thuasluaite fostaithe mar ..... agus gur cosúil nach mbeidh sé/sí féin in ann dul go dtí ionad vótála ar lá vótaíochta chun vótáil de thairbhe cúrsaí fostaíochta. L'éirigh (go gearr) na cúrsaí atá ag cur cosc leis an iarratasóir vótáil ar lá vótaíochta: .....
.....

Síniú an fhostóra .....

Seoladh an fhostóra ..... Dáta .....

==========

CUID C - DEARBHÚ REACHTÚIL

(Le líonadh nuair atá iarratas á dhéanamh ag toghthóir féin-fhostaithe. Ní mór an dearbhú seo a dhéanamh os comhair Choimisinéir na Síochána nó Choimisinéir na Mionnaí)

Dearbhaímse, ..., go sollúnta agus go dílis dul go dtí ionad vótála ar lá vótaíochta chun vótáil de bharr cúrsaí m'fhéin-fhostaíochta agus déanaim an dearbhú sollúnta seo ag creidiúint go coinsiasach go bhfuil sé seo fíor agus de thairbhe an Achta um Dhearbhú Reachtúil 1938. Léirigh (go gearr) na cúrsaí atá ag cur cosc leat vótáil ar lá vótaíochta .....
.....
.....

Síniú .....

Dearbhaithe ag ..... os mo chomhair a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi (nó atá curtha in aithne dom ag ..... a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi) ag ..... inniu an 2001

Síniú Choimisinéir na Síochána nó an Choimisinéir Mionnaí .....

==========

CUID D - TEASTAS NA hINSTITIÚIDE OIDEACHASÚLA

(Le líonadh nuair a dhéanann toghthóir atá ag déanamh cúrsa staidéir lánaimseartha in institiúid oideachasúil sa Stát iarratas).

Deimhním leis seo go bhfuil an t-iarratasóir thuasluaite ag glacadh páirt go lánaimseartha ar chúrsa staidéir oideachasúil ag .....; cúrsa .....; fad/bliain .....
(*luaigh ainm agus seoladh na hinstitiúide oideachasúla*)
agus gur cosúil nach mbeidh sé féin in ann dul chuig ionad vótála ar lá vótaíochta chun vótáil de thairbhe go bhfuil sé ag déanamh an chúrsa staidéir seo.

Síniú an rúnaí nó chláraitheora na hinstitiúide oideachasúla .....
Seoladh na hinstitiúide oideachasúla ..... Dáta .....

IARRATAS D'IONTRÁIL SA LIOSTA VÓTÁLAITHE POIST DO TOGHTHÓIRÍ NACH BHFUIL IN ANN VÓTÁIL AG A N-IONAD VÓTÁLA DE BHARR CÚRSAÍ POIST SRL.

Léigh na nótaí agus na treoracha seo go cúramach sula gcomhlíonann tú an fhoirm.

Toghthóirí ar féidir leo iarratas a dhéanamh sa liosta vótálaithe poist: Is féidir leat iarratas a dhéanamh chun iontráil sa liosta vótálaithe poist má bhíonn an chuma ar an scéal nach mbeidh tú in ann dul chuig ionad vótála chun vótáil ar lá vótaíochta ag toghchán nó reifreann de bharr do shlí bheatha, sheirbhíse, nó d'fhostaíochta. Más toghthóir tú atá ag glacadh páirt go lánaimseartha i gcúrsa staidéir oideachasúil in institiúid oideachasúil sa stát, agus cosúlacht air nach mbeidh tú féin in ann dul chuig ionad vótála chun vótáil ar lá vótaíochta, is féidir leat iarratas a dhéanamh chun go mbeidh tú san áireamh ar liosta na bpostvótálaithe. Má ghlactar le d'iarratas caithfidh tú vótáil tríd an phost agus ní féidir leat vótáil ag ionad vótála.

An modh vótála don chatagóir vótálaithe poist seo: Cuirfear páipéar ballóide agus foirm dhearbhaithe reachtúla chuig toghthóir a curtar ar liosta na vótálaithe poist de bharr cúrsaí poist i dtoghchán agus reifreann. Caithfidh an toghthóir féin dul chuig staisiún Gardaí go pearsanta agus an clúdach litreach clúdaithe, le seoladh ar dó/di, an páipéar ballóide gan mharcáil agus an dearbhú aitheantais a chur ar fáil do bhall den Gharda Síochana. Beidh ar an toghthóir an dearbhú aitheantais a shíniú i láthair an gharda agus é a thabhairt don Gharda. Má bhíonn an Garda sásta le haitheantas an toghthóra fianóidh sé/sí an dearbhú agus stampálfaidh sé an dearbhú aitheantais le stampa an Staisiúin. Is féidir leis an toghthóir an páipéar ballóide a mharcáil ansin agus é a seoladh arais tríd an bpost leis an dearbhú aitheantais fillte chuig an oifigeach.

Comhlíonadh na foirme iarratais: Ní mór duit Cuid A den fhoirm thall a chomhlíonadh de réir na dtreoracha a cuirtear ar fáil chun iarratas a dhéanamh le bheith curtha san áireamh ar liosta na bpostvótálaithe. Ní mór duit d'ainm iomlán agus do sheoladh a thabhairt (agus, nuair is féidir é, d'uimhir) de réir mar atá siad ar chlár na dtoghthóirí. Tá sé tábhachtach go háirithe nuair a bhíonn níos mó ná duine amháin leis an ainm céanna cláraithe sa seoladh céanna nó sa baile fearainn céanna. Is féidir leat clár na dtoghthóirí a scrúdú i leabharlann phoiblí áitiúil, stáisiún na nGardaí, oifig an phoist nó sna hoifigí údaráis áitiúil.

Deimhniúchán na foirme iarratais: Tá an fhoirm iarratais roinnte i ceithre chuid, A, B, C agus D. Ní mór do gach iarratasóir cuid A a chomhlíonadh agus ansin B, C nó D, ag brath ar cén cuid atá i gceist, a fháil comhlíonta ag duine oiriúnach. Ní mór teastas fostóra, dearbhú reachtúil nó teastas ó institiúid oideachasúil (ag brath ar cén ceann atá oiriúnach sa chás áirithe) a bheith in éineacht le gach iarratas.

An áit a gcuirfar an fhoirm iarratais: Ní mór na foirmeacha iarratais comhlíonta agus deimhnithe a bheith ag d'údarás clárúcháin roimh 25 Samhain, chun a bheith curtha san áireamh sa chlár atá anois ar ullmhú. Beidh stampa ag teastáil uait má bhíonn tú ag cur na foirme tríd an phost.

Más i mbuirgeas contae atá tú cláraithe (m.sh. cathracha Chorcaigh, Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge), seol nó seachadaigh na fhoirm chuig Halla na Cathrach. Má tá tú cláraithe i gcontae seol an fhoirm chuig Rúnaí an Chontae ag ardoifig na Comhairle Contae.

Cad a tharlaíonn ansin? Má fhaigheann an t-údarás clárúcháin d'iarratas roimh an dáta deiridh d'iarratais a fháil agus má bhíonn sé sásta go bhfuil tú go bhfuil tú cáilithe chun iontráil ar líosta na bpostvótálaithe agus go bhfuil d'iarratas comhlíonta i gceart agus deimhnithe nó tacaithe ag dearbhú reachtúil mar is cuí, cuirfear d'ainm ar liosta na bpostvótálaithe. Cuirfidh an t-údarás clárúcháin scéala chugat faoin gcinneadh ar d'iarratas agus má dhiúltaítear é, tabharfar na fáthanna duit faoin diúltú.

Tabhair faoi deara le do thoil:

(i) nach féidir d'iarratas a phróiseáil do liosta na bpostvótálaithe a thagann i bhfeidhm ar 15 Feabhra seo chugainn mura bhfaightear é roimh 25 Samhain;

(ii) ní glacfar le d'iarratas muna soláthraíonn tú aon eolas breise nó doicméid a mbeidh ag teastáil ón údarás clárúcháin laistigh den tréimshe ama a bhíonn sonraithe ag an údarás;

(iii) is cion é iarratas a dhéanamh d'iontráil ar liosta na bpostvótálaithe in ainm duine eile.

NUAIR NACH MBÍONN TOGHTHÓIR AR LIOSTA NA BPOSTVÓTÁLAITHE INTOFA SA MHÉID SIN (ATHRAÍONN SÉ FOSTAÍOCHT, CRÍOCHNAÍONN SÉ CÚRSA OIDEACHASÚIL) NÍ FOLÁIR DÓ/DI É A CHUR IN IÚL DON ÚDARÁS CLÁRÚCHÁIN.